# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005**

## C U N T A S A Í O C H T – G N Á T H L E I B H É A L

**(400 marc)**

DÉ LUAIN, 20ú MEITHEAMH 2005 – TRÁTHNÓNA, 2.00 i.n. go dtí 5.00 i.n.

**Tá an páipéar seo leagtha amach i 3 Roinn:**

| **Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ar an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ar na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5-7). Tá 100 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ar gach ceist.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt: tá sé fíorthábhachtach, áfach, go dtaispeánfar oibrithe s(n)a leabha(i)r freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair cheart. |

THALL→

**ROINN 1 (120 marc)**
Freagair **Ceist 1** nó **DHÁ** cheist ar bith eile

1. **Cuntais Chríochnaitheacha Cuideachta Déantúsaíochta**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Uí Bhróithe Tta. ar 31/12/2004.

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal | | |
| Údaraithe - 600,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | |
| Eisithe - 500,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | 500,000 |
| Veaineanna Seachadta (costas €42,000)……………………… | 28,000 | |
| Gléasra agus Innealra (costas €190,000)……………………… | 135,000 | |
| Foirgneamh Monarchan ar a chostas …..………..…………….. | 500,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe...…………………………… | 52,400 | 59,600 |
| Paitinní …………………………………………………….. | 62,000 | |
| Bintiúir 12% (a eisíodh 1/4/2004)…………………………….. | | 60,000 |
| Ceannach Amhábhar ………………………………….……… | 590,000 | |
| Díolacháin …………………………………………………. | | 860,000 |
| Stoic 1/1/2004 | | |
| Amhábhair……………………………………………. | 46,000 | |
| Obair idir lámha………………………………………. | 18,000 | |
| Earraí críochnaithe……………………………………. | 32,000 | |
| Pá Monarchan……………………………………………….. | 120,000 | |
| Speansais Dhíreacha ..………………………………………… | 20,000 | |
| Aischuir Isteach …………………………………………… | 4,000 | |
| Díol Dramhábhar ……………………………………........... | | 12,800 |
| Stáiseanóireacht …………………………………………… | 2,400 | |
| Solas agus Teas Monarchan ………………………………….. | 16,800 | |
| Árachas Monarchan ……………………………………......... | 12,900 | |
| Táillí Stiúrthóirí …………………………………………… | 52,000 | |
| CBL……………………………………………………..... | | 20,400 |
| Banc……………………………………………………… | | 56,800 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2004…………………. | | 123,200 |
| Speansais Seomra Taispeántais ……………………………… | 3,900 | |
| Soláthar in aghaidh Drochfhiach ..…………………………… | | 2,600 |
| | 1,695,400 | 1,695,400 |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

(i) Stoic ar 31/12/2004:

| | |
|---|---|
| Amhábhair | €44,000 |
| Obair idir lámha | €15,000 |
| Earraí Críochnaithe | €49,000 |

(ii) Tá soláthar le déanamh i gcomhair dímheasa mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Veaineanna Seachadta | - | 10% den luach de réir na leabhar |
| Gléasra agus Innealra | - | 10% den chostas |
| Foirgneamh Monarchan | - | 4% den chostas |

(iii) Tá pá le roinnt: 80% do phá díreach agus 20% do phá maoirseora.
(iv) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'Ús Bintiúir dlite.
(v) Bhain an tÁrachas Monarchan don bhliain dar chríoch 30/4/2005.
(vi) Tá Earraí Críochnaithe le haistriú ón monarcha ar Luach Reatha ar an Margadh de €800,000.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú:**

(a) Cuntas Déantúsaíochta don bhliain dar chríoch 31/12/2004. (40)
(b) Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2004. (40)
(c) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2004. (40)

**(120 marc)**

**2.** **Ráiteas Táblach**

Léiríonn an Clár Comhardaithe seo a leanas suíomh M. Uí Laighin, trádálaí aonair, ó thaobh airgid mar a bhí ar 1 Samhain 2004.

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 1 Samhain 2004**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Foirgnimh | | 240,000 | |
| Trealamh | | 80,000 | 320,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | | 62,000 | |
| Féichiúnaithe | | 24,400 | |
| Banc | | 8,600 | |
| | | 95,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | |
| Creidiúnaithe | 28,000 | | |
| Speansais (dlite) | 4,000 | 32,000 | 63,000 |
| | | | 383,000 |
| **Maoinithe ag** | | | |
| Caipiteal | | | 383,000 |
| | | | 383,000 |

Tharla na bearta seo a leanas le linn mí na Samhna 2004:

Samh 3 Fuarthas €850 ó fhéichiúnaí mar lánghlanadh ar fhiach de €900.
5 Cheannaigh earraí ar cairde €5,400.
9 D'íoc na speansais a bhí dlite ó thús na míosa.
15 D'íoc le seic iarmhéid cuntas creidiúnaí de €2,100 agus fuair lascaine de €100.
19 Cheannaigh trealamh ar €8,000. Íocadh éarlais de €1,000 le seic agus fuarthas an fuíoll ar iasacht ó chuideachta airgeadais.
24 Díoladh earraí ar cairde €5,800, a raibh costas de €4,000 orthu.
25 D'íoc le seic €200 ar dheisiúcháin ar thigh príobháideach.
27 Dearbhaíodh féichiúnaí, a raibh €600 aige air, a bheith féimheach (bancbhriste) agus d'íoc 50c san euro.

## Iarrtar ort:

An éifeacht a bhain le gach ceann de na bearta thuas ar na sócmhainní agus na dliteanais ábhartha a thaifeadadh ar Ráiteas Táblach agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána a léiriú ar 30 Samhain 2004.

**(60 marc)**

## 3. Sochar agus Dochar Cuideachta

Tá Caipiteal Údaraithe 900,000 Gnáthscair ag Mara Tta. ar €1 an ceann agus 500,000 Scair Thosaíochta 4% ar €1 an ceann. Tá 700,000 Gnáthscair eisithe ag an chuideachta cheana féin agus 400,000 Scair Thosaíochta ar 4%. Ar 1/1/2004, bhí iarmhéid €340,000 á thaispeáint i gCúlchiste Ginearálta na cuideachta. Bhí brabús €225,000 tugtha ar aghaidh ag Mara Tta. ó 2003 agus thaispeáin na cuntais brabúis €250,000 roimh cháin don bhliain dar chríoch 31/12/2004. I rith na bliana íocadh díbhinn eatramhach 9c leis na Gnáth-scairshealbhóirí agus íocadh díbhinn leathbhliana leis na scairshealbhóirí Tosaíochta.

Ar 31/12/2004, mhol na stiúrthóirí:

(i) Go n-íocfaí an Díbhinn Tosaíochta dlite.
(ii) Go n-íocfaí Díbhinn Chríochnaitheach 13c ar Ghnáthscaireanna.
(iii) Go méadófaí an Cúlchiste Ginearálta go €390,000.
(iv) Go ndéanfaí soláthar cánachais €11,000.

**Iarrtar ort:**

(a) An Cuntas Brabúis agus Caillteanais a thaispeáint don bhliain dar chríoch 31/12/2004. (35)
(b) Clár Comhardaithe a ullmhú ag taispeáint na gcuntas cuí tar éis na leithghabhálacha thuas a dhéanamh. (25)

**(60 marc)**

## 4. Taifid Neamhiomlána - Glanfhiúchas.

Níor choimeád L. Mac Aodha, trádálaí aonair, sraith iomlán de chuntais. Cuireadh na figiúirí seo a leanas a bhaineann leis an ngnó ar fáil ar 1/1/2004.

| | € |
|---|---|
| Áitreabh | 490,000 |
| Troscán agus Trealamh ar a gcostas | 83,000 |
| Feithiclí Mótair ar a luach de réir na leabhar | 34,600 |
| Dímheas Carntha ar Throscán agus ar Threalamh | 26,200 |
| Stoc | 44,900 |
| Féichiúnaithe | 24,000 |
| Árachas Réamhíoctha | 400 |
| Creidiúnaithe | 16,500 |
| Speansais dlite | 1,800 |
| Rótharraingt bhainc | 10,400 |

Thug Mac Aodha an t-eolas breise seo a leanas freisin ar 31/12/2004.

(i) Le linn na bliana, aistríodh €12,000 ó chuntas pearsanta bainc go dtí an cuntas bainc gnó.

(ii) Le linn na bliana, bhí €2,600 íoctha ag Mac Aodha as cistí gnó i gcomhair deisiúcháin ar theach príomháideach agus bhí earraí dar luach €800 in aghaidh na míosa tógtha d'úsáid phríomháideach.

Mheas Mac Aodha gurbh iad na sócmhainní agus dliteanais ghnó ná €780,000 agus €34,000 faoi seach ar 31/12/2004 roimh lamháil a dhéanamh do dhímheas ar Throscán agus ar Threalamh de réir ráta 20% ar a chostas, dímheas ar Fheithiclí Mótair de réir 20% dá luach de réir na leabhar agus roimh Speansais dlite de €600 a lamháil.

**Iarrtar ort:**

(a) Ráiteas a ullmhú a léiríonn Glanfhiúchas/Glanchaipiteal Mhic Aodha ar 1/1/2004. (30)
(b) Ráiteas a ullmhú a léiríonn Brabús nó Caillteanas Mhic Aodha don bhliain dar chríoch 31/12/2004. (30)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5.** **Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Scott Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2004.

**Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2004**

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin Chreidmheasa | | 850,000 |
| Lúide: Costas Díolachán | | |
| Stoc 1/1/2004 | ? | |
| Ceannacháin | 590,000 | |
| Lúide: Stoc 31/12/2004 | 63,000 | 610,000 |
| Ollbhrabús | | 240,000 |
| Lúide: Speansais Iomlána (Ús san áireamh) | | 84,000 |
| Glanbhrabús | | 156,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2004**

| | € | € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | 820,000 |
| **Sócmhainní Reatha** (Féichiúnaithe €70,000 san áireamh) | 160,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 94,000 | 66,000 |
| | | 886,000 |
| **Maoinithe ag** | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite i ndiaidh níos mó ná 1 bhliain | | |
| Bintiúir 8% (2008/2010) | | 100,000 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | |
| Gnáthscaireanna | | 630,000 |
| Cuntas Brabúis agus caillteanais | | 156,000 |
| | | 886,000 |

(a) **Iarrtar ort a ríomh:**
- (i) An stoc tosaigh.
- (ii) An céatadán den mharcáil suas ar chostas.
- (iii) An tréimhse chreidmheasa a thugtar d'fhéichiúnaithe.
- (iv) An Cóimheas Fíorthástála. (40)

(b) **Mínigh iad seo a leanas:**
- (i) Bintiúir 8% (2008/2010).
- (ii) Sócmhainní Inláimhsithe.
- (iii) Díbhinn Tosaíochta.
- (iv) Caipiteal in Úsáid. (40)

(c) An mbeadh sé deacair don ghnólacht a chuid billí a íoc de réir mar a bheidís iníoctha? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(d) Más é an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid do 2003 ná 14%, léirigh do thuairim ar bhrabúsacht reatha an ghnólachta. (10)

**(100 marc)**

**6. Cuntais Chlub**

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais chlub iomána "Sliotar" ar 1/1/2004: Clubtheach agus talamh €340,000; Trealamh €9,000; Stoc Beáir €2,900; Infheistíochtaí €20,000; Síntiúis Chomhaltaí dlite €300; Creidiúnaithe Beáir €1,200; Speansais dlite €720.

Seo a leanas achoimre ar fháltais agus ar íocaíochtaí an chlub don bhliain.

**Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2004**

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh – 1/1/2004 | 3,900 | Ceannacháin Beáir | 32,400 |
| Ús | 400 | Ceannach Trealaimh | 6,500 |
| Síntiúis | 28,300 | Speansais Ghinearálta | 26,000 |
| Díolacháin Beáir | 44,200 | Ticéid Chrannchuir agus Duaiseanna | 2,500 |
| Fáltais Fógraíochta | 10,500 | Creidiúnaithe Beáir | 3,400 |
| Fáltais Chrannchuir | 9,400 | Iarmhéid Airgid - 31/12/2004 | 25,900 |
| | 96,700 | | 96,700 |

Chuir an cisteoir an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin mar a bhí ar 31/12/2004:

(i) Ba é €2,400 Stoc an Bheáir.
(ii) Ba é €740 na Creidiúnaithe Beáir.
(iii) Bhí speansais de €450 dlite.
(iv) Bhí síntiúis réamhíoctha de €900.
(v) Déantar dímheas 20% ar threalamh ar láimh ar 31/12/2004.
(vi) Déan an Clubtheach agus an talamh a dhímheas ar 2%.

**Iarrtar ort:**

(a) Ráiteas a ullmhú a léireoidh Ciste Carntha an chlub ar 1/1/2004. (20)

(b) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an chlub a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2004. (40)

(c) Clár Comhardaithe an chlub a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2004. (30)

(d) An difríocht a mhíniú idir an iarmhéid deiridh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais (mar a ríomhadh i (b) thuas) agus an iarmhéid deiridh de €25,900 sa Chuntas Fáltas agus Íocaíochtaí a thaispeántar thuas. (10)

**(100 marc)**

## 7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Bhéalmór Tta.

**Brabúis agus Caillteanais (Sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2004**

| | € |
|---|---|
| Brabús Oibriúcháin | 196,000 |
| Ús íoctha | (5,000) |
| | 191,000 |
| Cáin | (28,000) |
| | 163,000 |
| Díbhinn molta | (36,000) |
| Brabús coinnithe don bhliain | 127,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus caillteanais 1/1/2004 | 55,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus caillteanais 31/12/2004 | 182,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2004** | | **31/12/2003** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh & Foirgnimh | 860,000 | | 780,000 | |
| Lúide: soláthar in aghaidh dímheasa | (73,000) | 787,000 | (64,000) | 716,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 97,000 | | 86,000 | |
| Féichiúnaithe | 71,000 | | 54,000 | |
| Airgead | 98,000 | | 11,000 | |
| | 266,000 | | 151,000 | |
| **Lúide: Creidiúnaithe:** suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 57,000 | | 63,000 | |
| Cáin | 28,000 | | 34,000 | |
| Díbhinn molta | 36,000 | | 28,000 | |
| | (121,000) | | (125,000) | |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | 145,000 | | 26,000 |
| **Sócmhainní Iomlána Glan** | | 932,000 | | 742,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe:** suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 8% | | 120,000 | | 80,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 630,000 | | 607,000 |
| Cuntas Brabúis agus caillteanais | | 182,000 | | 55,000 |
| | | 932,000 | | 742,000 |

**Iarrtar ort:**

(a) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglaninsreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

(b) An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú do Bhéalmór Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2004 faoi na ceannteidil seo a leanas:
1. Gníomhaíochtaí Oibriúcháin.
2. Toradh ar infheistíochtaí (agus ar Fhónamh ar Airgeadas).
3. Cáin.
4. Caiteachas caipitil agus Infheistíocht Airgeadais (gníomhaíochtaí infheistíochta).
5. Díbhinn Chothromais/Gnáthdhíbhinn íoctha.
6. Airgeadú. (65)

(c) An Glansreabhadh Airgid a réiteach leis an nGluaiseacht Ghlanfhiachais. (5)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

**8. <u>Costáil Ionsú</u>**

Tá na costais seo a leanas buiséadaithe ag Teamhair Tta., cuideachta bheag ghiurnálaíochta, don bhliain seo chugainn:

| | **€** |
|---|---|
| Amhábhair dhíreacha | 158,000 |
| Saothar díreach | 56,000 |
| Forchostais mhonarchan | 84,000 |

Don bhliain seo chugainn rinne an chuideachta buiséadú freisin le haghaidh 7,000 uair shaothair agus 12,000 uair mheaisín.

Tá sonraí custaiméara jabuimhir 624 mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Amhábhair dhíreacha | €10,000 |
| Uaireanta saothair dhírigh | 170 uair |
| Uaireanta meaisín | 250 uair |

**Iarrtar ort a ríomh:**

(a) An ráta ionsú forchostas in aghaidh an uair mheaisín.

(b) An ráta ionsú forchostas in aghaidh an uair shaothair dhírigh.

(c) Costas jabuimhir 624 de réir an ráta ionsú forchostas in aghaidh an uair mheaisín.

(d) Costas jabuimhir 624 de réir an ráta ionsú forchostas in aghaidh an uair shaothair dhírigh.

(e) Praghais díolacháin jabuimhir 624 leis an gcustaiméir de réir an **dá** ráta ionsú forchostas (áirithe i (a) agus (b) thuas) agus ag glacadh le marcáil suas 25% ar chostas.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú**

Déanann Rothar Tta. dhá chineál rothair 'Roadstar' agus 'Sléibhteoir'. Tá díolachán gach saghas rothair, agus a gcuid figiúrí ábhartha eile, don bhliain dar chríoch 31/12/2005, buiséadaithe ag:

| | | |
|---|---|---|
| | **Roadstar** | **Sléibhteoir** |
| Díolacháin bhuiséadaithe | 800 aonad | 500 aonad |
| Praghas díolacháin aonad ionchais | €220 | €290 |
| | | |
| **Stoic ionchais - *Earraí Críochnaithe*** | **Roadstar** | **Sléibhteoir** |
| Stoic thosaigh | 240 | 110 |
| Stoic dheiridh | 220 | 180 |
| | | |
| **Comhdhéanamh Ábhair agus Costais** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
| Roadstar | 6 kg | 8 kg |
| Sléibhteoir | 4 kg | 5 kg |
| Praghas ionchais an kg | €12 | €15 |
| | | |
| **Stoic ionchais - *Amhábhair*** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
| Stoic thosaigh | 400 kg | 560 kg |
| Stoic dheiridh | 470 kg | 640 kg |
| | | |
| **Am saothair dhírigh in uaireanta an chloig** | | |
| Roadstar | 8 n-uaire | |
| Sléibhteoir | 11 uair | |
| | | |
| **Ráta saothair dhírigh in aghaidh na huaire** | €14 | |

**Iarrtar ort na buiséid seo a leanas a ullmhú:**

(a) Buiséad Díolacháin in **aonaid agus in €.**

(b) Buiséad Táirgíochta.

(c) Buiséad Úsáid Ábhair.

(d) Buiséad Ceannacháin Ábhar.

(e) Buiséad Saothair.

**(80 marc)**

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN